TG4
CLÁRSCEIDEAL
FÓMHAR
2011



CLÁR

DRÁMAÍOCHT 5
NUACHT, CÚRSAÍ REATHA & CLÁRACHA CAINTE 7
FAISNÉIS 9
SPÓRT 15
SIAMSAÍOCHT 17
NÁDÚR 19
CEOL 21
SCANNÁIN 23
DAOINE ÓGA 25

TG4 CLÁIR AR TG4
FÓMHAR 2011

FIOSRACHT, FÉINIÚLACHT AGUS FÁNAÍOCHT

Is maith is fiú eolas a chur ar a bhfuil i gclársceideal nua an Fhómhair 2011 mar go bhfuil raon leathan áibhar ann; seanchas ar chuid de mhór-phearsain i stair na príomhchathrach, sraith faoina saibhras eolais atá ar fáil faoin roinnt tithe aitheanta ar fud na tíre, sraitheanna nua-léirithe dúlra, cláir agus sraitheanna faisnéise ar raon leathan ábhair, rogha mhealltach spóirt lena n-áirítear rugbaí eisiach ó na mór-chomórtais ar fad, soláthar iontach do pháistí agus do dhaoine óga, cneámhairí agus carachtair i nua-dhrámaí Gaeilge agus rogha géarchúiseach scannán agus sraitheanna siamsaíochta.

FÉACH AR TG4

CAINÉAL 104 (SKY & NTL) CÚLA4 AR CHAINÉAL 602 (NTL)
TUAISCEART ÉIREANN: TG4 AR CHAINÉAL 164 (SKY) & CAINÉAL 877 (VIRGIN)
AR FUD NA CRUINNE: www.tg4.tv

DRÁMAÍOCHT

ROS NA RÚN



ROS NA RÚN

(8.30PM GACH MÁIRT AGUS DÉARDAOIN Ó 13 MEÁN FÓMHAIR OLLCHLÁR GACH DOMHNACH 10.30PM)

Is é seo an séú séasúr déag ag an sobaldhráma, an ceann is daonna agus is dúchasaí ar an teilifís in Éirinn. agus is cuid thábhachtach dá fhiúntas é go bhfuil sé suite faoin tuath – an t-aon sobal Éireannach a bhfuil rian na talún air. Tá an dúchas tíriúil sin agus an greann i gcroílár an dráma agus tá sé nádúrtha, rud a thuigeann an pobal féachana sa bhaile agus i gcéin.

Ar na téamaí reatha a thiocfaidh chun cinn go luath an séasúr seo, beidh duine de na príomhcharachtair i mbéal báis tar éis do dhuine atá in iomaíocht grá leis é a ionsaí go fíochmhar, cuirfear brú ar lánúin phósta nuair a thiocfaidh iarleannán le duine acu ar an bhfód arís, cuirfidh spéirbhean eile atá tagtha ar an mbaile lucht biadáin an bhaile i mbun cabaireachta go dtréan. Níl aon mhaolú ar spídiúlacht na baintrí Tina ach oiread agus aimsíonn sí sprioc nua dá díoltas.

IDIR MNÁ

Sraith drámaíochta/faisnéise, a scrúdaíonn cásanna coiriúla ina raibh mná lárnach agus na cúiseanna agus na ceisteanna a dhúisíonn na cásanna sin faoin saol in Éirinn na linne seo agus na fadhbanna, idir shean agus nua, atá ag brú ar shaol na mban inniu.

TRUE BLOOD

Séasúr nua. Seo ceann de na sraitheanna is mó sna Stáit Aontaithe, atá lán de rómánsaíocht, rúndiamhra agus greann, bunaithe ar úrscéalta Sookie Stackhouse ón údar Charlaine Harris.

GOSSIP GIRL

Séasúr 5 den tsraith a léiríonn go mbíonn ard-fhaisean ach íos-chaighdeáin mhorálta ag an dream is saibhre i Manhattan.

CURB YOUR ENTHUSIASM

An t-ochtú sraith agus beidh Larry David ag tabhairt aghaidh ar Nua Eabhrac le breis útamála a rachaidh chun aimhleasa dá mhuintir agus dá chairde.

Áirítear é ar cheann de chlasaicigh ghrinn na linne ar an teilifís agus tá duaiseanna Emmy agus Golden Globe buaite aige.

IDIR MNÁ

NUACHT, CÚRSAÍ REATHA & CLÁRACHA CAINTE

NUACHT TG4

NUACHT TG4 7PM GACH LÁ

Bíonn súil laethúil ar leith ag Nuacht TG4 ar scéalta réigiúnacha, áitiúla agus daonna, mar léiriú ar mhana *súil eile* an chainéil. Déantar cúram de chósta an iarthair, den Ghaeltacht agus de phobal na Gaeilge ar fud na tíre agus bíonn an foireann ar a dícheall chun na scéalta a dhéanamh soiléir, sothuigthe agus ábhartha.

Craoltar nuacht ghairid ag 1.55pm gach lá Luan-Aoine. Is cuid den lá é *Nuacht TG4.*

DÁIL BEO

Mar chuid de sheirbhís phoiblí TG4, beochraoladh gach maidin Chéadaoin agus Dhéardaoin ar thús an lae, Riar na hOibre, ón bParlaimint náisiúnta i dTeach Laighean.

7 LÁ 7.30PM GACH MÁIRT Ó 22 MEÁN FÓMHAIR

Tá an eacnamaíocht fós lag agus fadhbanna suntasacha ag an Rialtas dá thoradh. Tá moltaí géara agus roghanna deacra maidir leis an gcaiteachas poiblí curtha faoi bhráid an Rialtais nua agus moltaí eile fós faoi bhealach, is dócha.

Fágann sin ar fad go mbeidh géarghá mar sin le hanailís agus breithiúnas géarchúiseach ar chúrsaí reatha seo i gcuideachta Pháidí Uí Lionáird agus a phainéal tráchtairí agus polaiteoirí.

Craolfar eagrán speisialta den chlár ó Pharlaimint na hEorpa sa mBruiséil freisin.

COMHRÁ 7.30PM DÉARDAOIN

Formáid thar a bheith simplí í seo ina ndéantar dreas comhrá le daoine iontacha gan uabhar. Leagann an tsraith seo méar ar chuisle na hÉireann. Tá bua ar leith ag an duais-chraoltóir Máirtín Tom Sheáinín, cuireann sé a chuid aíonna ar a gcompórd agus faigheann siad deis scéal a mbeatha a insint ar a mbealach féin. I measc na gcainteoirí breátha an séasúr seo, beidh iarchraoltóirí aitheanta agus iarUachtarán CLG.

AIMSIR TG4

Is maith an scéalaí an Aimsir agus níl aimsir is fearr ná aimsir TG4 ina gcuirtear an t-eolas is cruinne i láthair go físiúil simplí i gcúig chraoladh éagsúil a chuimsíonn tuar náisiúnta, cósta, calafoirt agus marina. Tá ceamaraí ag an gcainéal i mBaile na hAbhann, Conamara agus i nDún Chaoin, Corca Dhuibhne, chun an aimsir mar a tharla sí a léiriú go físiúil.

SÍLE NÍ BHRAONÁIN - AIMSIR TG4

FAISNÉIS

SCÉALTA ÁTHA CLIATH
- LEON MGM

SCÉALTA ÁTHA CLIATH (DÉARDAOIN Ó 03/11/11 10PM)

Ceiliúradh agus faisnéis ar cheann de na carachtair nó de na láithreacha is iomráití i stair na príomhchathrach atá in gach ceann den ocht gclár seo.

MOLLY MALONE (03/11/11 10PM)

Tá a hainm ar bhéal gach turasóra agus is minic í luaite ag lucht tacaíochta na bhfoirne spóirt ón gcathair – ach an raibh a leithéid de dhuine riamh ann i ndáiríre ? Creideann daoine áirithe go raibh mangaire iasc den ainm sin ann tuairim 1699 agus cuirtear ina leith go raibh ceird mhangaireachta eile ar bun aici freisin.

Ach tá formhór na saineolaithe den tuairim gur cumadóireacht is ea scéal Mholly agus gur in amhrán a tháinig as Meiriceá a bhí trácht uirthi den chéad uair.

BANG BANG (10/11/11 10PM)

Ba dhoiligh siúl tré lár na bpríomhchathrach leathchéad bliain ó shin gan a bheith i mbaol. Bhí carachtar neamhurchóideach ag siúl na sráideanna agus gan uaidh ach an deis a mhéir a dhíriú ort, amhail gunna agus "Bang Bang" a rá in ard a ghutha.

Thuill an cleas grinn seo cáil agus gean dó agus leasainm, dar ndóigh. Bhí sé de nós ag a lucht aitheantais urchar bréige a scaoileadh ar ais leis mar chuid den spraoi ach ba mhinic a scanraigh sé cuairteoirí go dtí gur thuigeadar an scéal.

ORSON WELLES & AMHARCLANN AN GHEATA (17/11/11 10PM)

Déagóir óg as Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhí ann, a tháinig go Baile Átha Cliath. Chreid Hilton Edwards agus Micheál Mac Liamóir, mór-phearsain amharclainne a linne, na bréaga a d'inis sé faoina thaithí drámaíochta. Chuir an deis a thug siad dó ar bhóthar na cáile agus an tsaibhris é.

IVAN BESHOFF (24/11/11 10PM)

Is in Odessa ar an Mhuir Dhubh san Úcráin a rugadh é. Liostáil se i gCabhlach na Rúise agus bhí sé ar chriú na loinge Ptomekin i 1905 nuair a tharla an cheannairc chinniúnach ar an long sin. Tháinig sé go Baile Átha Cliath agus d'oibrigh ar an dug ar feadh tamaill. Creidtear gur ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca 1916. Bhunaigh sé siopa sceallóg agus iasc a thuill cáil agus atá fós ann.

LEON MGM (01/12/11 10PM)

Bleá Cliathach a bhí sa leon a bhí ag tús na scannáin le Metro-Goldwyn-Mayer 1924-1928. I nGáirdín na nAinmhithe i bPáirc an Fhionnuisce a rugadh " Slatts" agus tugadh go Hollywood é i 1917. B'é a bhí mar aitheantas ag MGM ag tús gach scannáin gur thosaigh na scannáin chainteacha i 1928.

THE HELL FIRE CLUB (08/12/11 10PM)

Bhí droch-cháil ar an áit seo ón tús agus lucht cearrbhachais agus ragairne ag triall air agus bhí ragairne agus ólachán iomarcach luaite leis. Facthas an diabhal féin ann cúpla uair dúradh agus cuireadh ainmhithe chun báis mar íobairtí dó. Dódh an áit i 1849 mar agóid in aghaidh chuairt na Banríona Victoria ach fós bhíodh lucht óil agus drugaí ag triall ar na fothracha. Tá an áit i seilbh an Stáit anois, agus an talamh athchóirithe ag Coillte.

MATT TALBOT (15/12/11 10PM)

Rugadh i lár na cathrach é i 1856 agus rug an t-ól greim air agus é ina fhear óg, bocht. Shéan sé an t-alcól, staon an chuid eile dá shaol agus chuaigh i gcabhair orthu sin a bhí chomh gafa leis an ólachán is a bhíodh sé féin agus thugadh dóibh an beagán airgid a bhíodh aige féin. Chleacht sé an deabhóid as sin amach. Nuair a bhásaigh sé, ba léir óna chorp go raibh slabhraí ceangailte aige dó féin go deonach mar pheannaid. Tá feachtas láidir ann anois é a naomhú.

CNÁMHA SAN VAILINTÍN (22/12/11 10PM)

Bíonn argóintí ann faoi chnámha naomh-phátrúin an ghrá. Creideann muintir Bhaile Átha Cliath go diongbhálta, áfach, gur in Eaglais na gCairmilíteach ar Shráid na mBráithre Bána atá cnámha an naoimh. Sagart de bhunadh na cathrach, an tAthair John Spratt, a thug as an Róimh iad in 1836, bronntanas a fuair sé ón bPápa Gréagóir XVI le linn dó bheith ar thuras ansin. Tagann na mílte ar cuairt chuig an séipéal gach bliain.

MISINÉIRÍ RADACACHA (DÉ LUAIN Ó 05/09/11 9.30PM)

Sraith a thugann chun solais an creideamh láidir – agus an tart chun córa freisin – a spreag agus a spreagann fós saol agus saothar na bhfear agus an mban Éireannach atá ag craobhscaoileadh an tsoiscéil i measc na mbochtán sa Tríú Domhan. Baintear leas éifeachtach as scannán cartlainne le RADHARC, a thaispeáineann na fir agus na mná seo i mbun oibre agus iad ina misinéirí óga. *Tar éis gach cláir, craolfar mórscannán aitheanta ar théama ábharach don eagrán a chuaigh roimhe.*

MISINÉIRÍ RADACACHA

FÍORSCÉAL

Sraith a thugann aghaidh ar mhórcheisteanna idirnáisiúnta trí shúile na léiritheoirí teilifíse is misniúla agus is conspóidí ar domhan. Scoth na gclár faisnéise ón iasacht le athghuthú Gaeilge. Oscailt súl eile is ea gach clár.

MÓR-MHARGADH NA BPÓSTAÍ (20/09/11 10.30PM)

Is san India a tharlaíonn 40% de phóstaí an domhain. Díríonn an clár seo ar chultúr an phósta sa tír sin agus ar an mbéim a leagtar air ag gach leibhéal den tsochaí.

Feictear freisin go bhfuil teannas ag borradh idir an cultúr traidisiúnta a thugann tosaíocht don phósadh agus an dearcadh atá ag mná óga áirithe a bhfuil oideachas orthu agus meon an Iarthair ag dul i bhfeidhm orthu.

SOMALIA TOCSACH (27/09/11 10.35PM)

Clár a léiríonn an dochar uafásach a bhaineann le dumpáil dramhaíle a bhfuil nimh nó ábhar díobhálach ann. Costas $2.50 a ghearrtar le tonna dramhaíle nimhneach a dhumpáil amach ó chósta na Somáile, an áit is saoire sa domhan lena chur. Bheadh $1,000 an tonna de chostas á ghearradh chun an sórt seo dramhaíle a dumpáil san Iarthar. Ní nach ionadh, tá go leor dochair déanta ag an dramhaíl seo don phobal áitiúil. Is minic iasc marbh ar an trá agus barraillí nimhe ag teacht i dtír.

Is léir go bhfuil airgead mór le saothrú sa ghnó seo ach léiríonn an clár seo go bhfuil coirpigh agus mafia na hIodáile rannpháirteach ann mar aon leis an tionscal núicléach.

AN AISLING SACAIR (04/10/11 10.35PM)

Léargas ar an taobh tuathail den saol ag fir óga na hAfraice atá ag iarraidh clú, cáil agus saibhreas a bhaint amach mar réalta gairmiúla sacair. Feicimid mar a éiríonn le Kermit, fear óg ón Afraic Theas atá ag dul chun cinn go maith agus é anois ar tí a roghnaithe mar bhall de phainéal na foirne idirnáisiúnta ansin. Chuirfeadh seo ós comhair an tsaoil é agus seans aige ar chonradh luachmhar le club saibhir.

Is as Yaoundé sa Chamarún do Ndomo ach is dona a chuaigh an aisling dósan. Tháinig sé chun na Fraince agus gach muinín aige as gníomhaire a bhí chun a leas a dhéanamh a dúirt sé, agus conradh a fháil dó le foireann san Eoraip. Fágadh beo bocht é, tréigthe agus ag siúl na sráideanna. Tá eagras eolais agus fóirithinte, Culture Foot Solidaire, bunaithe ag Jean Claude Mbvoumin, iar-imreoir de chuid an Chamarúin, chun cabhrú lena leithéidí.

LAOCHRA BEAGA INDIA (11/10/11 10.30PM)

Clár a léiríonn na héachtaí lúthchleasaíochta atá bainte amach ag páistí óga ar nós Budhia and Pooja, beirt a bhfuil rásaí fada reatha nó snámha déanta acu agus gan iad ach 4 bliana nó 6 bliana d'aois. Ceistíonn an clár an bunús atá leis an óg-lúthchleasaíocht seo agus an t-ualach trom traenála agus ullmhúcháin a leagtar ar ghasúir.

UALACH AN IARAINN (18/10/11 10.45PM)

Tá carn millteach sean-mhiotail tugtha go cathair Fengjiang, ó dheas de Shanghai le fiche bliain anuas. Ar feadh i bhfad is anseo a sheol tíortha forbartha an Iarthair a gcuid bruscair miotail agus sean-earraí leictreonacha. Anois tá na mílte oibrí tagtha chun cónaithe ann anois agus é mar shaothar laethúil orthu an miotal seo a bhriseadh agus a athchúrsáil. Léiríonn an clár seo a saol, trí shúile Han ZHANG agus Qiuxia JING's agus tionchar an tsaothair seo ar a dteaghlaigh agus ar a sláinte.

CÓRAS NA BHFIACHA (25/10/11 10.35PM)

Clár a thugann malairt léargais ar an micreachreidmheas sa Tríú Domhan. Faoin múnla seo is grúpa beag áitiúil a thugann iasachtaí agus ní bancanna ná institiúidí. Ar feadh na mblianta, tugadh le fios gurb é seo slánú an Treas Domhain mar go gcuirfeadh sé ar a chumas daoine a gcinniúint féin a riar seachas bheith i bhfiacha le institiúidí móra.

Ceistíonn an clár seo an tuairim sin. Feictear ann go raibh Jahanara, bean as Bangladesh, faoi bhrú agus faoi chiapadh ag an ngrúpa áitiúil a thug iasacht di. Anois, dhá bhliain níos deireanaí, filleann na ceamaraí ar an láthair go bhfeicfimid cén bhail atá uirthi.

ÉALÚ THAR MUIR AGUS TÍR (ACROSS LAND AND SEA) (01/11/11 10.35PM)

Clár a léiríonn an turas baolach atá á thabhairt ag na mílte duine agus iad ag iarraidh teitheadh ó dheas ón deachtóireacht sa Choiré Thuaidh. Rianann an clár seo iarrachtaí lánúine, Songgook agus Sueryun, ar éirigh leo féin teitheadh, an chuid eile dá muintir a thabhairt ó dheas. Tá gardaí ar an teorainn agus is beag bealach éalaithe nach bhfuil contúirtí eile ag roinnt leis freisin. Féachann Songgok lena mhuintir féin a thabhairt trasna abhainn Tumen. Ní fhacthas an modh éalaithe seo riamh ar scannán go dtí seo.

BOTOX: NIMH NÓ SLÁNÚ?

Dar le daoine áirithe, is iontach ar fad an chabhair an botox d'áilleacht an duine agus tá sé in úsáid go forleathan, go háirithe ag mná, chun cuma na hóige a choinneáil ar a gcraiceann. Níl fhios go forleathan go bhfuil tocsin Botulinum in úsáid le fada ag dochtúirí mar leigheas ar aicídí áirithe.

Ach is nimh é an botox agus tá baol nach bhfuil fiosraithe go hiomlán fós ag baint le nimh a chur i gcóras an duine go rialta.

SAOR SIN Ó OLC

Sraith nua atá bunaithe ar eachtraí a tharla ach ar doiligh iad a mhíniú gan géilleadh don teoiric go raibh baint ag fórsaí éigin ón saol eile leo. Sa leagan seo, cuirtear rudaí iláthair na gcarachtar arbh fhéidir iad a bheith ann nó gur ina samhlaíocht atá siad. Sa dráma, is é an t-aisteoir Pól Penrose an neach taibhsiúil a thagann isteach agus amach agus a fheiceann an t-iomlán agus gan ar a chumas aon ról gníomhach a imirt.

AN GLANTÓIR (10/11/11 10.30PM)
Thréig sí a teaghlach ach anois tá uirthi filleadh agus an tubaiste a lean as a cinneadh féin an áit a thréigean a fheiceáil lena súile féin.

AN SÍOFRA (17/11/11 10.30PM)
Rinne pobal cráifeach tuaithe neamhshuim do pháiste tréigthe sna 1930s ach tá an pobal ag íoc go daor as ó shin.

AN TEACH (24/11/11 10.30PM)
Is beag aird a bhíonn ag micléinn ar an riocht ina bhfuil an teach atá ar cíos acu. Ach tá áitritheoir gan choinne sa teach seo agus fonn diabhlaíochta air a gcairdeas a loit agus daoine a dhíbirt.

DOL LARSEN (01/12/11 10.30PM)
Filleann an feall ar dhuine a rinne ciapadh ar chailín beag le cabhair óna theaghlach. Tá deis díoltais ag an gcailín sin anois.

CÉARD A THARLA? (08/12/11 10.30PM)
Tá amhras faoi bhás mná óige. Ceapann macléinn a bhfuil fadhb óil aici féin nach fada go marófar í féin.

AN BREITHMHEAS (15/12/11 10.30PM)
Tá meas aige ar a bhreithiúnas ach tá laige ann nuair a thagann seod aisteach ina láthair le measúnú.

COGAR

Scáth-theideal ar chláracha aonaracha, leathuair an chloig ar fhad. Is minic gur scéal pearsanta atá á insint agus tugtar an deis don duine a scéal a insint ar a luas agus ina bhealach féin.

9.30PM GACH DOMHNACH Ó 25 MEÁN FÓMHAIR

SAOL JOHN RILEY (25/09/11 9.30PM ATH 28/09/11 11.30PM)
Saol fir a rugadh sa Chlochán i gConamara, a chuaigh ar imirce go Meiriceá Thuaidh, a liostáil in Arm na tíre sin tamall roimh an Gorta Mór sa tír seo. Throid ar son na Státaí ach ansin in 1846, d'aistrigh sé a dhílseacht, bhunaigh Cathlán San Patricio, mheall Gaeil eile leis agus throideadar faoina cheannas le Meicsiceo in aghaidh na Stataí sa chogadh idir an dá thír sin 1846-1848.

BAC IS BUA (09/10/11 9.30PM ATH 12/10/11 11.30PM)
Léargas tuisceanach ar an saol laethúil ag teaghlaigh ina bhfuil Siondróm Down. Cuirimid aithne ar Róisín de Búrca, bean óg as Leitir Móir i nGaeltacht na Gaillimhe, a rinne an Ardteist agus a bhain amach Dioplóma tríú leibhéil in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo. Tá post margaíochta faighte aici le heagras forbartha áitiúil agus fonn uirthi anois freastal ar an Ollscoil freisin.

Cailín beag ceithre bliana as Béal Feirste í Elliryn McPhillips. Chomh maith leis an Siondróm, bhí poll ina croí nuair a rugadh í agus is iomaí cineál imní a bhí ar a tuismitheoirí, Conor agus Yanahir, sna blianta tosaigh sin. Tá an bheirt acu an-eolach ar an Siondróm anois agus gníomhach in eagrais atá ag cur ar son na dteaghlach lena mbaineann sé.

AN COWBOY DEIREANACH (16/10/11 9.30PM ATH 19/10/11 11.30PM)
I Samhradh na bliana 2010, tugadh cead do chriú teilifíse dul ar láthair an scannáin *Return of the Gunhawks*, an Western deireanach a léireofar in Éirinn go brách, is dóigh. Ar na haisteoirí don scannán is deireanaí seo tá aisteoir agus amhránaí Rann na Feirste, Aodh Óg Ó Duibheannaigh. Tugann an clár faisnéise seo léargas ar léiriú an scannáin, ar na dúshláin a bhaineann le Western a léiriú in Éirinn agus ar dheireadh ré.

BAILE BEAG NA nGALL (23/10/11 9.30PM ATH 26/10/11 11.30PM)
Ceisteanna staire agus pobail ag baile fearainn i nGaeltacht na Rinne i bPort Láirge. Le cabhair na dtorthaí ó Dhaonáireamh 1911, fiosraíonn Catherine Foley na hathruithe atá tagtha ar an mbaile sin le céad bliain.

AG SÚIL (30/10/11 9.30PM ATH 02/11/11 11.30PM)
Scéal Priscilla Connolly, 19, as Conamara atá ocht mí ag súil le leanbh. Bhí pleananna móra aici freastal ar an ollscoil agus céim a bhaint amach. Tá Pádraig, athair an linbh, díthostaithe. Seo mar atá an saol acusan, roimh agus tar éis breith an linbh, Ethan Lee.

DODGE (06/11/11 9.30PM ATH 09/11/11 11.30PM)
An saol mar atá i gceann de na hionaid siamsaíochta oíche is cáiliúla i dTír Chonaill thar dheireadh seachtaine saoire bainc na Lúnasa. Baisteadh an club oíche in ómós do chathair an ragairne agus na troda i ré na mbuachaillí bó.

TAOBH THIAR DEN DORAS (13/11/11 9.30PM ATH 16/11/11 11.30PM)
Scrúdaíonn an clár seo fadhb ollmhór an fhoréigin theaghlaigh, gné den saol atá ceilte agus nach bpléitear ach go hannamh. Is áit bhaolach do mhná é an baile go minic agus is faoi scáth agus critheagla a mhaireann na céadta. Labhraíonn triúr ban ó cheantair tuaithe go misniúil faoinar tharla dóibh féin agus iad ina gcónaí in aontíos le brútaí fir, athair, céile nó páirtí. Míníonn siad an saol a bhí acu agus an cinneadh crua a dhéanamh imeacht uaidh.

FAISNÉIS

BUABHAILL AR NA BÁNTA (27/11/11 9.30PM ATH 30/11/11 11.30PM)
Clár faisnéise faoi iarracht Johnny Lynch buabhaill a thógáil i Múscraí agus an chéad cháis *mozzarella* Éireannach a tháirgeadh ansin. Tá feirm bhreá mhór thorthúil 150 acra ag Johnny in aice le Maigh Chromtha i gCo. Chorcaí, feirm a mhuintire leis na cianta roimhe ach is doiligh dó slí mhaireachtála a bhaint as an bhfeirmeoireacht thraidisiúnta.

Tá sprioc nua anois aige, buabhaill a thabhairt ón Iodáil agus cáis *mozzarella* Éireannach a dhéanamh as a gcuid bainne.

CÉARD FAOI HATAÍ? (04/12/11 9.30PM ATH 07/12/11 11.30PM)
Clár faisnéise faoin draíocht a bhaineann le hataí, más fíor agus an t-athrú a chuireann hata deas ar phearsantacht agus ar áilleacht mná dar leo. Labhraítear le dearthóirí aitheanta hataí, ina measc an Gaillimheach galánta, Phillip Treacy, a bhfuil éileamh ag pearsain ríoga agus réalta scannán ar a chuid déantús. Feicfear freisin an tóraíocht dhiamhair a bhíonn ar hata d'ócáid speisialta – máthair na brídeoige roimh lá an phósta, mar shampla nó do lá rásaíochta.

FEAR NA hAIMSIRE (11/12/11 9.30PM ATH 14/12/11 11.30PM)
Is maith an scéalaí an aimsir ach is maith an scéalaí fear na haimsire freisin. Leagtar an-bhéim ar an eolaíocht agus lucht meitéareolaíochta ag bailiú sonraí chun a dtuartha aimsire a chur le chéile. Is ar an dúlra, ar ainmhithe agus ar phlandaí a bhunaíonn an fear poist, Micheál Ó Gallchóir a thuar féin agus tá a chuid saineolais traidisiúnta préamhaithe i dtaithí na mblianta. Is beag a mheas ar na modhanna eolaíochtúla.

HADJI BEY- MILSEÁIN NA TUIRCE I gCORCAIGH
(18/12/11 9.30PM ATH 21/12/11 11.30PM)
Clár faisnéise ina ríomhann Catherine Foley scéal Harutun Batmazian, fear a tháinig go Corcaigh ag fíorthús an chéid seo caite agus a mheall an domhan lena mhilseáin speisialta ar feadh na scórtha bliain ina dhiaidh sin. Airméineach ab ea é a theith go Corcaigh as Constantinople i 1902, é ag imeacht ón ngéarleanúint a bhí á himirt ar a mhuintir faoi Impireacht Ottoman. D'oscail sé siopa milseáin ar Shráid Mhic Curtáin i gCorcaigh agus ba ghearr gur scaip cáil na milseán. Bhí siad ar díol sna siopaí ba ghalánta thar sáile freisin – Harrod's i Londain agus Macy's i Nua Eabhrac.

ANAMNOCHT

Scáth-theideal ar chláracha aonaracha, léirithe ar ardchaighdeán agus uair an chloig ar fhad, a thugann léargas taibhsiúil dúinn ar phearsain, ar ghluaiseachtaí, ar smaointe nó ar áiteanna a bhfuil tábhacht nó suntas ar leith le tabhairt dóibh i stair na tíre nó na muintire. Is minic gur gné fholaithe den saol atá faoi chaibidil nó eachtra a ceileadh nó a ligeadh i ndearmad.

SMUIGLÉIRÍ LEABHAR (21/09/11 9.30PM)
Clár spreagúil faoin stair, faoin bhféiniúlacht agus faoi ról na leabhar i gcaomhnú teanga agus cultúir. Tugann file Gaeilge Gearóid Mac Lochlainn agus stiúrthóir amharclainne as an Liotuáin cuairt ar thíortha a chéile agus iad ag malartú smaointe agus ag cuimhneamh ar eachtra spreagúil i stair na Liotuáine.

HOMELAND (28/09/11 9.30PM)
Is minic contae Liatroime ina cheap magaidh ag daoine. Tugann an clár faisnéise seo léargas dúinn ar oidhreacht imirce an chontae agus ar an dochar a rinne sé. Ar an taobh eile den scéal, tá leas déanta ag an inimirce agus ag na "Liatromaigh nua" atá tar éis lonnú ann.

FAIRE (05/10/11 9.30PM)
Fiosraíonn an clár faisnéise seo na traidisiúin, an béaloideas agus stair na nósmhaireachtaí a bhaineann leis an bhfaire agus leis an tórramh, cuid lárnach de nósnmhaireachtaí an bháis in Éirinn leis na mílte bliain.Cloisfear ó lucht léinn, béaloideasa agus staraithe sa chlár agus beidh lucht na ceirde – adhlacóirí, lucht déanta cónraí agus oibrithe reilige ag tabhairt a mbreithiúnas freisin.

THE BOTHY BOY (12/10/11 9.30PM)
Clár cuimhneacháin ar Mícheál Ó Domhnaill, amhránaí agus tionlacóir cumasach ó theaghlach cáiliúil Conallach, a bhásaigh i 2006. Thuill sé ardmholadh, clú agus cáil as binneas agus as paisean a chuid amhrán agus as ealaíon agus ceannródaíocht a thionlacain giotair ar amhráin agus ar cheol uirlise. Bhain draíocht ar leith lena chomh-cheol in éineacht le na chuid deirfiúracha, Tríona agus Maighread.

LORG NA gCOS - SÚIL SIAR AR *MISE ÉIRE* (19/10/11 9.30PM)
Cúlra, comhthéacs agus cuimhní cinn ar an scannán ceannródúil faisnéise Gaeilge a léirigh George Morrison do Ghael Linn i 1960 agus a thuill cáil dó féin agus don chumadóir óg ceoil, Seán Ó Riada. Baineann an clár seo leas as ábhar cartlainne agus agallaimh nua le tráchtairí, lucht scannán agus le George Morrison féin agus é ar bhóithrín na smaointe agus ag filleadh ar áiteanna a bhí lárnach i léiriú an scannáin.

Feicfear freisin mac an Riadaigh, Peadar, i mbun stiúradh ar an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta agus í ag seinm an cheoilriain iontach sin a chum agus a chóirigh a athair don scannán.

HUGO HAMILTON (26/10/11 9.30PM)
Thuill Hugo Hamilton cáil as a leabhar *The Speckled People* inar thrácht sé ar an teannas féiniúlachta ina theaghlach féin ina óige - Gaeilgeoir díograiseach as iarthar Chorcaí ab ea a athair. Chosc seisean ar a pháistí aon teanga eile a úsáid. Gearmánach mín mánla ab ea a mháthair a tháinig chun na tíre seo ar thóir suaimhnis agus tearmainn ón dara cogadh domhanda. Sa chlár seo Hugo, an fear fásta faoi aistear intinne agus tíreolaíochta ag iarraidh meabhair a bhaint as a chúlra.

FAISNÉIS

DIARMUIDÍN (09/11/11 9.30PM)
Bhásaigh an t-amhránaí agus craoltóir Diarmuid Ó Súilleabháin i dtimpist bhóthair in iarthar Chorca Dhuibhne ag deireadh na bliana 1991. Go gairid ina dhiaidh sin, beartaíodh ócáid bhliantúil a eagrú mar chomóradh ar an bhfear agus mar cheiliúradh ar an gcultúr as ar fáisceadh é. Bhí cáil na hamhránaíochta a riamh ar a mhuintir, teaghlach Maidhcí i gCúil Aodha i nGaeltacht Mhúsrcaí. Tugann an clár seo a shaol, mar amhránaí agus mar chraoltóir, chun cuimhne le cabhair a mhuintire féin in agallaimh nua agus cuid de amhránaíocht an fhir féin i míreanna ón gcartlann.

DHÁ CHÚIRT (23/11/11 9.30PM)
Sa mbliain 1879, thuill Thomas Vere St Ledger Goold, Éireannach, clú agus cáil i saol na leadóige. Ghlac sé páirt i bpríomh-chomórtas an domhain, Craobh Wimbledon agus d'éirigh leis dul chomh fada leis an gcluiche ceannais, áit ar chaill sé. Bliain is fiche ina dhiaidh sin, i 1908, bhí a cháil sna nuachtáin arís ach ar chúis eile ar fad – cúisíodh agus ciontaíodh é féin agus a bhean i ndúnmharú foréigneach fuilteach i Monte Carlo.

MÁIRE AN CHLOCHÁIN LÉITH (30/11/11 9.30PM)
Scéan an amhráin, na mná a spreag é agus an saol as ar fáisceadh í. Le cabhair staraithe áitiúla, faightear amach go raibh an imirce ina chuid lárnach de shaol an phobail as ar fáisceadh í agus gur minic cruatan ag baint leis an saol a bhí ag an dream a d'imigh leo as ceantar na Rosann. Is ar an Nua Shéalainn a thug Máire an amhráin aghaidh ach ní fada an saol a fuair sí ansin ach oiread.

PÓL Ó FOIGHIL (07/12/11 9.30PM)
Clár faisnéise faoi fhear fuinniúil, ceannródúil, físiúil - oide scoile, bainisteoir comharchumainn, ceannródaí pobail, comhairleoir contae, ionadaí tofa ar Údarás na Gaeltachta, Seanadóir agus fear teaghlaigh. Bhunaigh sé Coláistí Samhraidh, comharchumainn fhorbartha, feachtais go leor agus ba mhinic a sheas sé i dtoghcháin. Seo a scéal - á aithris ag a ghaolta, agus ag daoine a raibh aithne acu air.

FRANK DUFF AGUS AN LEGIONIS MARIAE (14/12/11 9.30)
Scéal an fhir a bhunaigh Léigiún Mhuire, eagras a mbeadh ocht milliún ball cláriaithe leis lá is faide anonn. Le cabhair agallaimh nua le staraithe agus tráchtairí agus le seoda físe ó chartlann luachmhar an Léigiúin féin, tugann an clár nua faisnéise seo léargas dúinn ar shaol, ar chúlra agus ar chreideamh Frank Duff agus ar ról agus ar thionchar an eagrais a bhunaigh sé atá anois gníomhach ar fud an domhain. Áirítear é ar an eagras Caitliceach is mó ar fad do thuathaigh.

MICHAEL D – RÁS GO DTÍ AN tÁRAS
Clár faisnéise a rianann iarracht an pholaiteora paiseanta, iarrthóir Pháirí an Lucht Oibre, Uachtaránacht na hÉireann a bhaint amach i dtoghchán 2011. Tá a shaol caite aige ina ionadaí poiblí – mar chomhairlreoir, mar Sheanadóir, mar Theachta Dála agus mar Aire, ag troid ar son na córa agus cearta daonna. Seo anois é ar thóir an phoist is airde ar fad- ceannaire Stáit agus Uachtaránacht a thíre.

ÓRÓ NA CASAIDIGH (21/12/11 9.30PM)
Clár faisnéise agus ceoil faoi cheann de na teaghlaigh ceoil is aitheanta dá bhfuil againn. Bhain *Na Casaidigh* agus a gcuid ceirníní agus a gcuid craolta teilifíse aitheantas amach sa mbaile agus i gcéin. Tá diosca nua idir lámha acu anois – de cheol a n-athar – agus léiríonn an clár seo – agus cuimhní cinn a máthar atá in aois 95 bliain beagnach – go bhfuil an ceol go smior iontu fós.

M'ATHAIR RAY (28/12/11 9.30PM)
Aistear ag an gcraoltóir Aonghus Óg McAnally ar thóir a athar, an taisteoir clúiteach a bhásaigh go tobann i 1989 in aois 63 bliain.

Leanann Aonghus rian a athar, ó Inis Eoghain go Baile Átha Cliath, go Londain agus go Nua Eabhrac agus Hollywood. Labhraíonn sé leo sin a d'oibrigh leis ar stáitse, ar an teilifís agus i mórscannán Hollywood: **Robert De Niro – Liam Neeson - Jim Sheridan – Stephen Rea – Joss Ackland - Niall Tóibín – Hugh O'Conor – Lord David Puttnam.**

TAISCE NA TUAITHE (DÉARDAOIN Ó 17/11/11 8PM)
Pilib Mac Cathmhaoil ar thuras eile thart ar na cúlbhóithre ag cuartú taisce rúnda: scéalta, carachtair agus áiteanna iargúlta.

CÉ A CHÓNAIGH I MO THEACHSA? (EANÁIR '12)
'Dá mbeadh caint ag na ballaí seo, nach acu a bheadh na scéalta?' a deir an sean-nath agus féachann an tsraith seo, á cur i láthair ag Manchán Magan, le cuid den seanchas iontach sin a bhaineann le tithe áirithe a thabhairt chun solais.

Tabharfaidh sé cuairt ar na tithe le labhairt leis na húinéirí reatha ach beidh cúnamh aige freisin ó staraithe, ó chomharsana, ó ailtirí agus ón gcartlann agus é ag sníomh scéal saibhir le chéile ó fhoinsí éagsúla.

CÉ A CHÓNAIGH I MO THEACHSA?

SPÓRT

RUGBAI

Is é TG4 an t-aon chainéal teilifíse ag a bhfuil clúdach cuimsitheach ar na mórchomórtais gairmiúla ar fad an Fómhar seo, idir bheo agus bhuaicphointí. Agus na ceithre cúigí páirteach den chéad uair riamh i gCorn Heineken, is ag TG4 amháin a bheidh na buaicphointí saor go haer, mar aon le beochraoladh ar an tSraith **RaboDirect Pro12** (ar a laghad 25 cluiche beochraolta agus an mórchluiche idir Laighin agus Mumhan as Stáid Aviva, 4 Samhain) agus iarchraoladh lár lae ó **Chorn Rugbaí an Domhain** (24 cluiche).

GAA BEO

Craoladh beo eisiach teilifíse ar na cluichí Gaelacha, Meán Fómhair- Bealtaine. Is ar Pheil na mBan agus ar Chraobh Club AIB i bpeil agus in iomáint a bheidh an bhéim idir Meán Fómhair agus Nollaig 2011 cluiche mór beo gach Domhnach.

FÉILE RÁSAÍOCHTA LIOS TUATHAIL
12-17 MEÁN FÓMHAIR

Ceann de bhuaiceanna rásaíochta na hÉireann, ócáid ar leith i bhféilire shóisialta agus chultúrtha an Iardheiscirt. Beidh SBB agus ceamaraí TG4 ann lena bheochraoladh, sé lá as a chéile. Craolfar 45 rás ar fad le tráchtaireacht ó Mhicheál Ó Sé agus anailís ó Mhánas Ó Conghaile agus tuairiscí agus agallaimh ó Mhick Ó hUallacháin agus Eibhlín Ní Choisdealbha.

SEÓ SPÓIRT

Réamhfhéachaint gach Aoine ar imeachtaí móra spóirt an deireadh seachtaine, á chur i láthair ag Dara Ó Cinnéide (Aoine 8.30pm.

AUSSIE RULES AFL

Buaicphointí na seachtaine ó pheil na hAstráile gach oíche Dhéardaoin. Ní fada uainn an Grand Final sa MCG i Melbourne – áit a mbeidh na himreoirí is fearr le feiceáil roimh theacht go hÉirinn do na Rialacha Idirnáisiúnta faoi cheann seachtaine.

LAOCHRA GAEL

Séasúr eile de chuimhní cinn agus ómós do mhór-imreoirí peile agus iomána ón am atá caite, ina measc DJ Carey, Dan Shanahan, Jimmy Barry Murphy, Mikey Sheehy, Oisín McConville agus Liam Hayes. Tugann na fir féin, a gcomhghleacaithe, a gcéilí comhraic agus tráchtairí aitheanta a mbreithiúnas féin orthu le cabhair ó mhíreanna ón gcartlann spórt dá gcuid imeartha.

CEIST GAA LE HECTOR

SIAMSAÍOCHT

GLÓR TÍRE

SIAMSAÍOCHT

GLÓR TÍRE (DÉ CÉADAOIN Ó 14/09/11 10.30PM)

Séasúr nua (an t-ochtú ceann) den tsraith ina bhfuiltear sa tóir ar amhránaithe nua ceol tíre in Éirinn agus ina bhfuil amhránaithe aitheanta ag tabhairt spreagadh agus dea-chomhairle d'iomaitheoirí sa chomórtas. Is í **Aoife Ní Thuairisg** an láithreoir.

Nuair a roghnaítear iomaitheoir don chomórtas seo, ní fhágtar ina aonar é mar go bhfuil cúnamh agus oiliúin ar fáil ó réalta aitheanta. Ach luath nó mball ach beidh ar na hiomaitheoirí dul os comhair na moltóirí **John Creedon, Charlie McGettigan** agus **Caitríona Ní Shúilleabháin**.

CEIST GAA LE HECTOR (GACH CÉADAOIN 8.30PM Ó 14 MEÁN FÓMHAIR)

(athchraolta ar an Domhnach 8:45pm)

Séasúr eile den Tráth na gCeist do lucht leanúna CLG, an chéad cheann riamh ar an teilifís in Éirinn a dhírigh go sonrach ar na cluichí Gaelacha agus orthu-san amháin.

Is é Hector Ó hEochagáin a bheidh ag cur na gceisteanna ar fhoirne as sé chlub déag de chuid CLG, saineolaithe ar gach gné de na cluichí Gaelacha. Beidh buan-chaptaen aitheanta ar na foirne gach seachtain, Mícheál Ó Domhnaill, láithreoir ***GAA BEO*** ar TG4 agus Evanne Ní Chuilinn ó RTÉ. Tá duais an-tarraingteach ar tairiscint do na buaiteoirí – campa traenála dá bhfoireann in óstán cáiliúil Carton House in aice le Maigh Nuad i gCo Chill Dara faoi stiúir laoch aitheanta CLG.

THAR SÁILE (DÉ LUAIN Ó 19/09/11 8PM)

Ann Marie Ní Dhubhchóin ar chamchuairt timpeall chathracha na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe, féachaint le bualadh le Gaeilgeoirí iontu, idir chainteoirí as Éirinn agus dhaoine nach bhfuil aon fhuil Ghaelach iontu ach atá tar éis suim a chur sa teanga agus í a fhoghlaim freisin. I mbliana beidh sí ag tabhairt cuairte ar roinnt de na mór-bhailte is spéisiúla ar domhan, Nua Eabhrac, Milan, Oxford, Munich, Cardiff, Bucharest agus Philadelphia na measc.

IMEALL (DÉARDAOIN Ó 22 MEÁN FÓMHAIR 9.30PM)

Séasúr nua den tsraith sheachtainiúil ar shaol na n-ealaíon, á chur i láthair ag **Tristan Rosenstock,** ceoltóir cumasach é féin, dar ndóigh. Cuireann an tsraith ardán ar fáil d'ealaíontóirí agus tabharfar cuairt orthu agus iad i mbun cruthaíochta, ag ceol, ag amhrán, ag damhsa, ag scríobh, ag aisteoireacht, ag stiúradh, ag péintéireacht agus ag dealbhóireacht.

Ealaíontóirí aitheanta a bhíonn i mbun na míreanna eile de réir mar oireann don ábhar: Sinéad Ní Mhaonaigh, Rossa Ó Snodaigh, Theo Dorgan, Michael Cronin, Úna Mullally agus Darach Mac Con Iomaire.

AN JIG GIG (GACH DOMHNACH Ó 25 MEÁN FÓMHAIR 7.30PM)

Chuir na mílte iarratais isteach le dhá bhliain anuas ag déanamh iarrachta dul ar thóir na craoibhe. Bhí gach saghas cruth agus tomhais i measc na ngrúpaí seo, ó rinceoirí aonaracha go grúpaí móra agus is é an chéad chomórtas dá leithéid do rince traidisiúnta Éireannach ina bhfuil rinceoirí de gach aois, stíl agus eagraíocht san iomaíocht ar an stáitse céanna. Anois tá sé in am Seaimpín 2011 a aimsiú! Feicfear na céadta rinceoir ar an stáitse leis an láithreoir **Róisín Ní Thomáin.**

MÍ NA MEALA 4 (DÉARDAOIN Ó 22/09/11 8PM)

Séasúr nua den tsraith thaitneamhach shiamsaíochta agus thaistil ina dtugtar lánúin atá pósta le tamall maith blianta ar ais chuig ionad mhí na meala acu. Spreagann an turas cuimhní agus súil siar ar bhóithrín na smaointe. Admhaíonn cuid de na daoine nach mar a shíl siad a tharla ina saol pósta – go raibh sé níos fearr agus cinnte go raibh sé difriúil. Tugann an turas an deis dóibh freisin féachaint ar an athrú atá tagtha lena linn ar nósanna pósta agus bainise agus ar institiúid an phósta féin.

Ar na lánúineacha a bheidh rannpháirteach sa tsraith seo, tá lánúineacha as Tír Chonaill, Cléire, Doire, An Rinn agus Áth Cliath agus iad ag triall arís ar ionaid saoire san Ostair, sa Veinéis, sa gCroáit, sa Spáinn, i gCorn na Breataine, sa mBreatain Bheag, in Inse Gall na hAlban agus sa Daingean.

STEIP (DÉ SATHAIRN 5 SAMHAIN 2PM)

Ceann de bhuaiceanna na bliana anois ar TG4 é an beochraoladh ar chomórtas damhsa an tsean-nóis ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne. Ó chuir an cainéal tús leis an gcraoladh seo seacht mbliana ó shin, tá lucht féachana ard meallta aige bliain i ndiaidh bliana agus daoine faoi dhraíocht ag an spleodar, an spraoi, an tsaoirse agus an éagsúlacht a bhíonn le feiceáil ag na hiomaitheoirí, idir óg agus aosta.

AN G TEAM (DÉ DOMHNAIGH Ó 15/01/12 7.30PM)

Sraith nua 10 gclár ina bhfeicfear pobail nach bhfuil cáil na Gaeilge orthu ag iarraidh an teanga a chur chun cinn ina gceantar féin agus í a úsáid ina saol laethúil.

Tar éis ceantar a bheidh páirteach, a bheith roghnaithe, díríonn gach pobal acu ar 'G-Day' (Lá na Gaeilge) a eagrú, lá na cinniúna mar go mbeidh ceamaraí TG4 ar an mbaile ag féachaint ar an bpobal le linn féile atá eagraithe acu d'úsáid na Gaeilge. Is iad **Lorcán Mac Gabhann, Rossa Ó Snodaigh** agus **Mary Hanafin** na moltóirí.

NÁDÚR

DUL IN ÉAG

FARRAIGÍ NA hÉIREANN (GACH MÁIRT Ó 20/09/11 8PM)

Sraith úr-nua dúlra a thugann chun solais cuid den saibhreas ollmhór iasc, plandaí agus eile atá folaithe faoin uisce agus ceilte ar an gcuid is mó againn. Tabharfaidh an tsraith seo, atá á léiriú le dhá bhliain ag saineolaithe na ceirde, léargas ar shaol draíochta, taibhseach ina bhfuil dathanna agus cruthanna ar taispeáint ar feadh chósta na hÉirinn ar deacair iad a shamhlú gan iad a fheiceáil le do dhá shúil féin. Scrúdófar ann caidreamh an duine leis an bhfarraige agus an dochar atá déanta againn don acmhainn iontach seo le cúpla céad bliain.

AG DUL IN ÉAG (GACH MÁIRT Ó 01/11/11 8PM)

Sraith nua dúlra a chuireann inár láthair speiceas atá caille againn in Éirinn ach atá fós ann in áiteanna eile, sa Bhreatain agus níos faide ó bhaile. D'fhéadfaí iad a thabhairt air ais sa tír seo dá gcuirfimis chuige.

DOMHAN AN DÚLRA- LOVE IN THE WILD (EANÁIR '12)

Scoth na gclár dúlra ón domhan mór, athghuthaithe go Gaeilge.

FARRAIGÍ NA hÉIREANN

CEOL

GRADAM CEOIL

GEANTRAÍ

Sraith úrnua den chlár is binne agus is simplí dá bhfuil ann – seisiún bríomhar ceoil ó fhód an dúchais agus ó theach tábhairne a bhfuil cáil an cheoil air agus nádúr an cheoil ann, á chur i láthair ag ceoltóir aitheanta áitiúil.

Ar na láithreoirí an séasúr seo, beidh Carmel O'Dea, Brenda Curtin, Paudie O'Connor, Pádraic Mac Donnchadha, Ronan Browne, Cathy Jordan, Ciarán Kelly, Christy Leahy, Fionn Mac Giolla Chuda, Aisling Ní Coisdealbha.

CÉRBH Í? (DÉ DOMHNAIGH Ó 23/10/11 10PM)

Sraith omóis agus ceiliúrtha ar chuid de na bancheoltóirí is fearr ón am atá caite. Le cabhair ábhar cartlainne, agallamh agus turas chuig fód dúchais an laoch ceoil, cuireann banláithreoir de chuid an lae inniu a laoch in aithne dúinn agus tugann léargas dúinn ar an gcomaoin a chuir an duine sin agus a cuid ceoil ar thuiscint an láithreora ar an gceol agus ar an traidisiún i gcoitinne agus ar ról na mban ann. Is iad Kitty Linnane (ceannródaí banna céilí), Elizabeth Crotty (consairtín, An Clár), Bess Cronin (amhránaí, Gaeltacht Mhúscraí), Delia Murphy (amhránaí bailéid, Maigh Eo), Áine Bn Uí Laoi (amhránaí, Tír Chonaill) agus Sarah Makem (amhránaí, Ard Mhacha) na laochra. Is iad Doireann Ní Bhriain, Órlaith Ní Bhriain, Aoife O'Connor, Nell Ní Chróinín, Máire Ní Choilm agus Áine Uí Cheallaigh na láithreoirí.

CORN UÍ RIADA BEO (DÉ SATHAIRN 5/11/11)

Beochraoladh ó Oireachtas na Gaeilge 2011 i gCill Airne ar bhuaic an chomórtais amhránaíochta ar an sean-nós. Is liosta le háireamh na fonnadóirí iontacha a bhuaigh an comórtas seo le blianta anuas. Bíonn ardchaigheán de dhíth don Chorn agus sula dtig leo bheith san iomaíocht, bíonn ar amhránaithe a gcumas a chruthú i gcomórtais eile sean-nóis. Seo iad ar an láthair anois, scoth amhránaithe sean-nóis na linne, féachaint cé acu is fearr ar an oíche.

TIGH AN CHEOIL (DÉ DOMHNAIGH Ó 04/12/11 10PM)

Sraith ceolchoirmeacha a taifeadadh san Art Club i nGlaschú le linn na féile *Celtic Connections 2011*. Is iad na hamhránaithe aitheanta Muireann Nic Amhlaoibh agus Julie Fowlis (Alba) na láithreoirí agus cuireann agallaimh thuisceanacha na ceoltóirí éagsúla in aithne dúinn agus lenár dtuiscint ar a gcúlraí ceoil.

GRADAM CEOIL TG4

Ó bunaíodh an scéim aitheantais seo cúig bliana déag ó shin, is i méid agus i dtábhacht a chuaigh sé. Tugann Gradam Ceoil TG4 aitheantas do laochra an traidisiúin agus iad fós ina mbeatha agus ní ar bhonn comórtais ná iomaíochta a dhéantar é. Coiste neamhspleách roghnaithe a phiocann na laochra atá le haithint gach bliain agus is díol suntais go bhfuil spás sa scéim do dhaoine nárbh oirfidigh iad ar chor ar bith ach a neartaigh an traidisiún lena saothar bailiúcháin, scolártha nó craolta.

Fógraítear na gradamóirí san Earrach agus bailíonn na sluaite i dtráth na Cásca do cheolchoirm chraolta an Ghradaim Ceoil a bhíonn le feiceáil ar TG4, dar ndóigh.

CEOL AR AN IMEALL (11.15PM DÉ CÉADAOIN Ó 12 EANÁIR)

An tríú sraith de cheol nuálach ó ghrúpaí nua &rl á chur i láthair ag Úna Mullally. Cloisfear ceol nua den scoth ó ghrúpaí ar nós Austra, Ellie Goulding, Dan Deacon, Washed Out agus Spies, Logikparty, Jennifer Evans, No Monster Club, Little Green Cars, Sleep Thieves, Tieranniesaur, Go Panda Go, Elaine Mai, Fred, Ophelia, Squarehead, Niamh De Barra, The Mighty Stef agus tulilleadh.

CEOL AR AN IMEALL

SCANNÁIN

THE GENERAL

SCANNÁIN

SCANNÁN NA SEACHTAINE

Suaimhneas tar éis an deireadh seachtaine le cuid de na scannáin is fearr lenár linn: *The Year of Living Dangerously, Under Fire, John Grisham's The Rainmaker, I Am Legend, Ocean's Eleven, The Lake House, Infamous a, The Manchurian Candidate, The Rookie, Batman & Robin, Collateral Damage, Peaceful Warrior, Reservation Road, The Dark Night, The General and The Butcher Boy*.

FRIDAY NIGHT WESTERN

Cá mbeifeá gan buachaill bó ar TG4 ar an Aoine agus seo chugat séasúr nua den scoth: *For* a *Few Dollars More, The Good The Bad and The Ugly, El Dorado, Unforgiven, Apache 1, Bend of the River*, *and The Magnificent Seven.*

SATURDAY NIGHT MOVIE

Fan istigh agus féach ar scannán siamsúil – saor in aisce! *Goodfellas, Twisted, Deliverance, Sweeney Todd The Demon Barber of Fleet Street, Galaxy Quest and The Mexican.*

LE FILM

Is ar an Satharn a bheidh na scannáin is fearr ar fáil feasta ó gach cearn den domhan: *Atomised (The Elementary Particles), Hana-bi, The Son's Room, Intacto, Gadjo Dilo, My Queen Karo, Dioses, Caterpillar* and *Beyond the Steppes*

SWEENEY TODD THE DEMON BARBER OF FLEET STREET

DAOINE ÓGA

BERT AND ERNIE'S GREAT ADVENTURES

DAOINE ÓGA

CÚLA4 NA nÓG (Cúla4 Réamhscoile)

LUAN-DOMHNACH 7.00AM-10.30AM/LUAN-SATHARN 2.00PM - 4:00PM

An Fómhar seo cuirfidh *Cúla4 na nÓg* fáilte mhór roimh charachtar nua ildaite chuig zón atá cheanna féin plódaithe le cartún den scoth! Le cur leis an sceideal maidine de chláracha spraíúla beidh páistí réamhscoile anois in ann sult a bhaint as cláracha *Cúla4 na nÓg* um thráthnóna freisin.

I measc na sraitheanna nua tá ***TEAM UMI ZOOMI***; ***ABBY'S FLYING FAIRY SCHOOL, GLOBAL GROVER, TARRACÓIR TOM, BERT AND ERNIE'S GREAT ADVENTURES.***

Dár ndóigh beidh ár sean-chairde ***Dora, Diego na Wonderpets, Tar ag Spraoi Sesame, Mr. Men, Wow Wow Wubbzy, Firehouse Tales*** ar ais chomh maith le sraitheanna nua de ***Olivia*** agus ***Dinosaur Train.***

Níl áit ar bith eile a n-aimseoidh tú do rogha carachtar agus iad ag labhairt Gaeilge bhinn bhlasta! Tá ***Garfield, Ben 10 Spongebob*** agus ***Johnny Test*** ar fad líofa!

CÚLA4

LUAN - AOINE 4.10PM-6.00 PM

Tá an beochan ***PUPPY IN MY POCKET: ADVENTURES IN POCKETVILLE*** bunaithe ar scéal cairdis agus grá idir gasúir agus a gcuid peataí draíochta.

Is breá leis an mbeirt ***FANBOY*** agus ***CHUM CHUM*** ficsean na fantasaíochta. Tá siad ina gcónaí i *Fanlair*, túr uisce, lonnaithe sa bhaile spleodrach *Galaxy Hills*. Tá an bheirt seo lán le beocht agus díogras don saol agus tugann a gcuid samhlaíochta ar fud na háite iad.

Tá an clár ***WINX CLUB*** lonnaithe sa ríocht draíochta agus leanann sé Bloom agus a dlúthchairde na síoga. I rith an sraith tagann siad ar chlaochlú nua, cumhachtaí éagsúla agus téann siad in iomaíocht leis an dorchadas le tacaíocht a thabhairt do Bhloom agus í ag foghlaim faoin am atá caite.

FRAGGLE ROCK:

Téigh ar eachtra in éineacht le puipéid draíochta chlaisiceacha Jim Henson sa tsraith cáiliúil ***FRAGGLE ROCK***. Is in gnáth cheardlann oibre atá cónaí ar cheapadóir dárbh ainm Doc agus a mhadra Sprocket. Tríd poll sa mballa agus thíos i dtollán, i bhfolach ón domhan mór, feiceann Sprocket pluaiseanna ildathacha áit a bhfuil cónaí ar neacha neamhghnáthacha ar a dtugtar na Fraggles.

Séasúr nua ag na sean-chairde seo a leanas:

Spongebob Squarepants, ***Ben 10: Ultimate Alien*** agus ***Eliot Kid:***

PONC: BLOC AN DÉAGÓRA AR TG4

- Beidh uair a chloig spleodrach siamsaíochta le feiceáil ar PONC, curtha i láthair ag an bheirt láithreoirí fuinniúla Máire Treasa Ní Dhubhghaill agus Colmán Mac Séalaigh. Idir cláir drámaíochta, siamsaíochta agus shraitheanna réalaíocha; níl aon dabht gurb í seo an bealach is fearr le do thráthnóna a chaitheamh! **LUAN - AOINE 6– 7PM**
- Ar ais don dara séasúr beidh cláir eisiacha PONC le feiceáil gach Máirt agus Déardaoin: ***PONC XL***; irischlár leathuaire agus ***PONC@na MOVIES;*** clár scannánaíochta do dhéagóirí.

CLÁIR RÉALAÍOCHTA

Feicfidh séasúr nua clár nua ag déanamh a bhealaigh isteach sa sceideal agus sin é ***Wipeout.*** Gach seachtain feicfidh sibh 20 iomaitheoir in iomaíocht ar chúrsa dúshlánach agus iad ag iarraidh duais mhór airgid a bhuachan. Go h-iondúil bíonn orthu an ceann is fearr a fháil ar linn mhór uisce nó puitigh agus iarracht a dhéanamh an cúrsa a thrasnú agus an t-ionsaí craiceáilte ar an gcúrsa a sheachaint ar an mbealach! Beidh snas á chur ar shean-charranna arís in ***Pimp my Ride*** agus coinneoidh ***POP4*** ar an eolas muid gach LUAN leis na cairteanna agus an nuacht ar fad i saol an phopcheoil.

PONC @NA MOVIES

Ar ais don dara séasúr beidh gach gné de shaol na scannánaíochta clúdaithe ag Máire Treasa and Colmán go seachtainiúil sa chlár leathuaire ***PONC@NA MOVIES;*** áit a bhfeicfear agallaimh leis na réalta, léirmheasanna agus radharcanna ó na scannáin agus dvdanna is déanaí. I measc na réalta móra a bhí le feiceáil ar an gclár anuraidh bhí *Bruce Willis, Jeff Bridges, Ben Affleck, Saoirse Ronan, Johnny Knoxville, Colin Farrell, Evanna Lynch* agus go leor eile. Beidh muid ag súil le liosta mór fada arís!

COMÓRTAIS PONC

Níl tú in ann ticéid a fháil do cheolchoirm? Ar mhaith leat na giuirléidí is déanaí a bheith agat? Má tá éileamh ar rud ar bith, is féidir a bheith cinnte go mbeidh sé againne! Leis na mórchomórtais a bheidh á reáchtáil ar an gclár i rith na bliana beidh seans agaibh duaiseanna den scoth a bhuachan

BÍGÍ i dteagmháil linn: Seafóideach, suimiúil, scanrúil… is cuma; tá muid ag iarraidh cloisteáil faoi! Bíonn an-bhéim ar lucht féachana PONC i gcónaí mar sin déanaigí cinnte a bheith i dteagmháil linn ar **ponc@tg4.ie / 51844** nó téigí chuig suíomh PONC ar **www.ponc.ie**

Is féidir PONC a leanúint ar Twitter, an scéal is déanaí a fháil ar FACEBOOK agus súil a chaitheamh ar na h-agallaimh agus na bannaí a bhí ar an gclár ar leathanach Youtube PONC.

TG4 BEO
ar fud an domhain